# Leibhéal a 2

# Forbhreathnú

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| An Creideamh Críostaí | • Rúndiamhair Dé<br>• Rúndiamhair Íosa Críost<br>• Rúndiamhair an Spioraid Naoimh<br>• Cruthú an Domhain<br>• Rúndiamhair na hEaglaise<br>• Muire<br>• An Bheatha Shíoraí<br>• Traidisiúin Reiligiúnacha eile |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Briathar Dé | • An Bíobla<br>• An Scrioptúr Naofa<br>◊ Plean grámhar Dé don Slánú<br>◊ Breith agus Óige Íosa<br>◊ Saol Poiblí Íosa<br>◊ Páis agus Bás Íosa<br>◊ Aiséirí Íosa agus an Chincís |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Liotúirge agus Urnaí | • Urnaí<br>◊ Urnaí Fhoirmeálta<br>◊ Paidreacha Breise<br>• An Bhliain Liotúirgeach<br>• Na Sacraimintí<br>• An tAifreann |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Moráltacht Chríostaí | • Dínit an Duine<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine<br>• Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé<br>• Teagasc Sóisialta na hEaglaise<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí |

# Snáithe: An Creidemh Críostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- forbairt a dhéanamh ar a dtaithí, a n-eolas agus a dtuiscint ar Dhia, ar Íosa mar dhuine, a shaol, a chomhthéacs stairiúil, a mhisiún shlánaitheach, a theagasc (i mbriathar agus i ngníomh), agus é a aithint mar an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa
- machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag Íosa mar dhuine, a bhriathra agus a ghníomhartha ar ár saol féin agus ar shaol Chríostaithe san am atá thart agus sa lá atá inniu ann
- an chaoi a gheobhaidh daoine taithí ar ghrá agus ar aire Dé trí bheith rannpháirteach i bpobal na hEaglaise Caitlicí
- foghlaim faoi na rólanna agus na freagrachtaí laistigh de phobal na hEaglaise Caitlicí
- foghlaim gur cuid lárnach de bheith mar chuid de phobal na hEaglaise Caitlicí é aire a thabhairt dóibh siúd atá ar an imeall
- feasacht a fhorbairt ar ilchineálacht creidimh.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- An Creideamh Críostaí a aithint agus a mhíniú
- Gníomhartha agus teagasc Íosa a chur i bhfeidhm ina saol féin.

**Cumarsáid**

- Mothúcháin a léiriú, ceisteanna a chur agus tuairimí agus tuiscint a léiriú ar an gCreideamh Críostaí
- Achoimrí creidimh a chur de ghlan mheabhair, an creideamh Críostaí a chur in iúl.

**Ag Forbairt Litearthacht Spioradálta**

- Feasacht agus láithreacht Dé ina saol féin, i ndaoine eile agus sa domhan a fhiosrú.

**Ag Forbairt Litearthacht Idir-Reiligiúnach**

- A fhéiniúlacht reiligiúnach féin a aithint maraon le féiniúlacht reiligiúnach agus cultúrtha dhaoine eile
- Críostaithe agus daoine le creidimh eile a chónaíonn ina gceantar a aithint
- Éisteacht le scéalta faoi pháistí sa phobal Críostaí agus i bpobail le creidimh eile in Éirinn (Moslamaigh/Giúdaigh) agus iad a phlé.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Rúndiamhair Dé**

- Is é Dia an grá (1 Eoin 4:8).
- Tugann Dia cuireadh dúinn freagairt le grá (Eoin 13:34-5; Eoin 4:11-12).
- Tá Dia grámhar, trócaireach (Salm 86: 15; Salm 103:8).
- Chuir Dia a mhac Íosa chugainn chun an 'Dea-Scéal' a insint dúinn (ChEC 422).
- Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn go bhfuil grá aige dúinn agus chun múineadh dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile (LG 3; RDEC, 80; Eoin 17:21).
- Tugann Dia cairde dúinn chun sinn a ghráú.
- Níl ann ach fíor Dhia amháin.
- Tá Dia síoraí – bhí sé ann i gcónaí, tá sé ann faoi láthair agus beidh sé ann i gcónaí.

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is é Íosa an bronntanas is mó a thug an tAthair dúinn (ChEC 426).
- Tugtar 'Críost' ar Íosa (Mth 4:1-11; Lúc 4:1-13; ChEC 436, 453).
- 'Mac Dé', 'Slánaitheoir' 'Fuascailteoir' (ChEC 429, 455).
- Nochtann Íosa an 'Dea-Scéal' faoi Dhia, a Athair (GDC 102, Mc 1:14-15; Eoin 5:36-37).
- Thaispeáin Íosa grá Dé dúinn (1 Eoin 4:9).
- Chuir Dia an tAthair Íosa chugainn chun toil Dé a dhéanamh (LG 4; ChEC 534, 606; Eoin 17:4).
- Bhí grá speisialta ag Íosa do Dhia a Athair (ChEC 473: uathúileacht Íosa; Mc 14:32-6; Lúc 10:21-2).
- Thaispeáin Íosa a ghrá do Dhia a Athair trí bheith ag guí chun Dé, lena chuid gníomhartha agus trí bheith ag craobhscaoileadh an 'Dea-Scéil' (ChEC 2599; Mc 6:46; Lúc 6:12; Mth 14:23).
- Chaith Íosa dhá scór lá agus dhá scór oíche san fhásach ag guí chun Dé, a Athair (Mth 4:1-11; Lúc 4: 1-13; ChEC 538).
- D'oibrigh Íosa mar shiúinéir (Mc 6:3; LG 41, GS 32, 43, ChEC 2427).
- Bhí a lán cairde ag Íosa (Máire, Marta, Lazaras, Peadar, Ióanna, Súsanna , Salómae srl) (Eoin 11:5).
- Thaitin sé go mór le hÍosa a bheith ag celiúradh agus ag roinnt lena chairde (Lúc 10:38-42).
- Thug Íosa cuireadh dá dheisceabail (fir agus mná) a bheith páirteach ina a shaol agus ina mhisean (Mc 15:40-1; Lúc 8:2-3).
- D'fhreagair a dheiseabail glaoch Íosa agus lean siad é (Mc 1:18; ChEC 765).
- Tugann Íosa cuireadh dúinn an 'Dea -Scéal' faoi ghrá Dé a scaipeadh agus a bheith inár ndeisceabail aige (ChEC 520,544).
- Is féidir linne a bheith inár ndeisceabail ag Íosa nuair a chuirimid ár muinín i nDia agus nuair a leanaimid Íosa (Eoin 15:14).
- Thug Íosa cuireadh don dá aspal déag a bheith ina theannta agus oibriú leis (LG 19; ChEC 551, 858).
- Rinne Íosa Peadar mar cheannaire ar na haspail (LG 19; Mth 16:18).
- Thug Íosa cuireadh do na peacaigh (RP 7; ChEC 588-89).
- Thug Íosa slánú agus maithiúnas do na peacaigh (ChEC 545).
- Leigheas Íosa a lán daoine agus tugtar míorúiltí ar na leigheasanna seo.
- Chuir Íosa fáilte rompu siúd a bhí ar an imeall agus leigheas sé iad (Lúc 19: 1-10).
- Ba mhúinteoir é Íosa (Mc 2:13; Mth 5:2).
- Mhúin Íosa dá dheisceabail conas a muinín a chur i nDia (Mth 6:25-34; ChEC 227).
- Mhúin Íosa dá dheisceabail conas guí (Mth 6:9-13; Lúc 11:1-4).
- Bhain Íosa úsáid as scéalta chun a lucht leanúna a mhúineadh agus tugtar parabail ar na scéalta seo (Mc 4:2).

Leibhéal a 2

- Mhúin Íosa dúinn go bhfuil grá ag Dia ár nAthair dúinn agus go bhfuil sé ag iarraidh go mbeimid mar chlann aige.
- Mhúin Íosa dúinn conas maireachtáil le grá inár saol: grá do Dhia, grá do dhaoine eile (Mth 33:36-40; ChEC 458-59, 1709).
- Roinn Íosa An Suipéar Déanach lena chairde ar Dhéardaoin na Comaoineach agus b'é seo an chéad Eocairist (1 Cor 11:23-26).
- Nigh Íosa cosa a dheisceabail chun a thaispeáint dóibh conas freastal ar dhaoine eile (Eoin 13:4-14).
- Fuair Íosa bás ar an gcrois ar Aoine an Chéasta de bhrí go raibh grá aige do Dhia agus dúinne (ChEC 616).
- Thóg Dia an tAthair Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca (ChEC 638).
- Chuaigh Íosa suas ar neamh agus tá sé ina shuí ar dheis Dé an tAthair Uilechumhachtach (ChEC 659-64).
- Tá an Tiarna Íosa fós linn mar dúirt sé 'Táim in éineacht libh i gcónaí' (Mth 28:20).
- Chuir Íosa an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith naofa agus chun urnaí a dhéanamh (Eoin 14:16-17; ChEC 733, 741).

### Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Is é an Spiorad Naomh ár gcara.
- Tá an Spiorad Naomh in ann cabhrú linn ár saol a chaitheamh mar a rinne Íosa agus smaoineamh ar bhriathra Íosa.
- Tháinig an Spiorad Naomh chun cumhacht a thabhairt do na deisceabail um Chincís (Gníomh 2:1-13; MD 27; ChEC 731).

### Cruthú an Domhain

- Is é Dia ár nAthair ár gcruthaitheoir, agus tugann sé grá dúinn mar a thugann athair grá dá chuid páistí. (Gein 1:26-27; Gein 2: 5-7).
- Chruthaigh Dia sinn le corp agus le hanam (ChEC 362-67).
- Is comhartha de ghrá Dé dúinn é an cruthú.
- Is spioraid iad na haingil a chruthaigh Dia. Seoltar iad mar theachtairí ar ócáidí speisialta. Tugann siad aire dúinn. Déanann siad freastal ar Dhia agus orainne. (Lúc 1:26-38; Lúc 2:8-20; Mth 1:18-25; Mth 2:13-14; Mth 28:1-8; ChEC 328-36).
- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha mar dhaoine maithe agus saor ó pheaca. Bhí siad sona toisc go raibh siad cairdiúil le Dia i bParthas. Chuir Sátan cathú orthu agus roghnaigh siad saol leithleasach agus lán le peaca (Gein 2-3; ChEC 355-84, 397, 415). Bhí siad easumhal do Dhia agus chaill siad an naofacht a bhí acu (ChEC 399). Tugtar 'Titim an Chine Dhaonna' ar seo agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca (ChEC 355-86, 389, 417).
- Chuir Dia chugainn a Aon Mhac, Íosa Críost chun an cine daonna a shlánú ó pheaca trína íobairt ar an gcrois (ChEC 55-8, 385-90, 399, 409-10, 412).

### Rúndiamhair na hEaglaise

(An chlann: eaglais an teallaigh, an pobal: an eaglais áitiúil)

- Ba é Íosa Críost a bhunaigh an Eaglais (LG 5; ChEC 763).
- Is ionann an Eaglais agus pobal daoine bailithe le chéile ag éisteacht le Briathar Dé agus ag maireachtáil de réir an tSoiscéil (ChEC 749-52).
- Tá daoine de chuile aoisghrúpa, cine, cultúr agus éirime mar bhaill de chlann Dé (ChEC 775).
- Fógraíonn pobal na hEaglaise 'Dea- Scéal' Íosa (misean).
- Tá áit speisialta ag Muire, mar mháthair Íosa, i bpobal na hEaglaise (LG 63).
- Tagann Caitlicigh le chéile chun adhradh a dhéanamh mar phobal i bparóiste (ChEC 1069, 1071, 2179).
- Ní chleachtaímid ár gcreideamh inár n-aonar ach mar bhaill de phobal na hEaglaise.

- Nuair a bhítear ag cur an Aifrinn i láthair, cuir an sagart in aithne agus mínigh a ról sa séipéal áitiúil/sna séipéil áitiúla (ChEC 1547-53, 1562-68, 1577-79, 1581,1592 1595, 1597-98).
- Cuir an Pápa in aithne mar cheannaire sofheicthe na hEaglaise ar domhan (ChEC 880-82; 932-37).
- Cuir in aithne na daoine a dhéanann obair sa séipéal áitiúil/sna séipéil áitiúla m.s léitheoirí, sacraisteoir.
- Plé ról an teaghlaigh mar chuid de phobal/phobail áitiúil na hEaglaise. Láithreacht Chríostaí sa teaghlach.
- Déan ról na scoile Caitlicí mar chuid de phobal áitiúil na hEaglaise. Céard a tharlaíonn inár scoil Chaitliceach. Éarlamh na scoile.
- Is fir agus mná iad na misinéirí a scaipeann an Dea Scéal in Éirinn agus thar lear. Misinéirí áitiúla *(Cumann na Leanaí Misinéireachta*).
- Táimid in ann an Dea Scéal go bhfuil grá ag Íosa dúinn a scaipeadh i measc ár dteaghlaigh féin agus i measc an phobail (misean).
- Is daoine iad na Naoimh a ghránn Dia agus atá ar neamh le Dia tar éis a mbáis. Tugann an Eaglais lá féile dóibh ina n-onóir (SC 104; ChEC 828).
- Is sampla iontach iad na Naoimh ar chonas maireachtáil agus iarrann Críostaithe cúnamh orthu ina gcuid paidreacha (ChEC 828).
- Na Naoimh: Naomh Pádraig, Naomh Bernadette, Naomh Proinsias Assisi, agus na naoimh a bhfuil baint acu lena scoil nó lena bparóiste; Naomh Iósaef, Naomh Íde, Naomh Gobnait, Naomh Stiofán.
- Is é Naomh Proinsias Assisi éarlamh na n-ainmhithe agus na timpeallachta.

### Muire

- D'éist Muire le Dia agus d'fhreagair sí a ghlaoch (Lúc 1:38; LG 53).
- Ghaloigh Dia ar Mhuire le bheith ina máthair ag Íosa (LG 56; ChEC 495).
- Bhí misneach ag Muire agus chuir sí a muinín i nDia (ChEC 494, 511).
- Tá grá ag Muire dúinn agus tugann sí aire dúinn.
- Is eiseamláir í Muire do gach Críostaí (LG 53; ChEC 501).
- Is iad Deireadh Fómhair agus Mí na Bealtaine míonna speisialta Mhuire (ChEC 971, 2678, 2708).

### An Bheatha Shíoraí

- Gheall Íosa beatha nua dúinn anseo ar talamh agus tar éis ár mbáis.
- Creidimid:
  - Nuair a fhaighimid bás, go nglaonn Dia chun na flaithis sinn.
  - Nuair a fhaighimid bás go mairfimid go deo le Dia, Íosa, Muire, na haingil agus na naoimh ar neamh agus gurb é seo an plean atá ag Dia dúinn (ChEC 1024).
  - Is é na flaithis ár bhfíor bhaile agus ár mbaile deireanach, áit a mbeimid sona le Dia tar éis ár saol a chaitheamh anseo ar talamh.
  - Tiocfaidh Críost faoi ghlóir lá éigin agus ina Ríocht ní bheidh fulaingt, deora ná brón (Mth 16:27-8).

### Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Tá grá ag Críostaithe do gach duine toisc go bhfuil an tAthair céanna againn ar neamh agus tá grá aige dúinn agus tá sé ag iarraidh go mbeadh grá againn dá chéile (ChEC 1877-78).
- Anseo ar talamh táimid mar bhaill de theaghlach agus de phobal daonna amháin.
- Tá gach duine uathúil, luachmhar i súile Dé.
- Iarrtar ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar mhodhanna urnaí, nithe naofa, scéalta reiligiúnacha, scríbhínní naofa agus creidimh dhaoine eile.

# Snáithe Briathar Dé

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- éisteacht leis an gcur síos atá sna soiscéil ar óige, ar mhinistreacht phoiblí agus ar theagasc Íosa agus fiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu
- fiosrú a dhéanamh ar na bealaí a hathraíodh saol na ndaoine a chas le hÍosa
- forbairt a dhéanamh ar a gcumas éisteachta agus tuisceana agus míniú a bhaint as téacsanna as an Scrioptúr Naofa agus freagra cruthaíoch a thabhairt orthu
- taithí a fháil ar theanga agus ar chomhthéacs na dtéacsanna ón Scrioptúr Naofa
- forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint gur ionann an Scrioptúr Naofa agus Briathar Dé nochtaithe dúinn.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Téarmaí, íomhánna agus leaganacha cainte ón mBíobla a thabhairt chun cuimhne agus a mhíniú.
- Measúnú a dhéanamh ar ionracas/cirte iompar agus briathra na gcarachtar atá sna sleachta ón Scrioptúr Naofa.
- Tuairimí agus prionsabail ó shleachta ón mBíobla a chur i bhfeidhm ina saol féin.

**Cumarsáid**

- Abairtí/frásaí/altanna ón Scrioptúr Naofa a léamh.

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Bíobla

- An leabhar ina bhfuil na Soiscéil: ceithre leabhar tábhachtacha a insíonn dúinn faoi Íosa (ChEC 124-27, 139).
- Is é Íosa Críost an duine atá lárnach sa Bhíobla do Chríostaithe (ChEC 129).
- Cuireann Dia é féin in aithne dúinn sa Bhíobla le go mbeimid in ann é a ghráú (ChEC 50-141).
- Mar bhaill de chlann Dé, éistimid le hÍosa ag labhairt linn trí na Soiscéil (ChEC 104, 131, 134).
- Labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla, sé sin, Briathar Dé (DV 11-13; 21-26).
- Is bealach pribhléideach é an Bíobla chun insint dúinn faoin bhFoilsiú Diaga agus múineann sé dúinn conas maireachtáil.

### An Scrioptúr Naofa

*Plean grámhar Dé don Slánú (ChEC 355-84)*

- Gein 1-2:4. An scéal faoi chruthú an domhain.
- Gein 1:26-7. Déanta in íomhá Dé.
- Gein 2:4-9; 15-17; 3:1-14. Scéal an chéad pheaca.
- 1 Sam 16:1, 6-13. Roghnaigh Dia Dáiví.
- 1 Sam 17: 1-50. Dáiví agus Góla.
- Salm 9:1. Ag glacadh buíochais le Dia.
- Salm 23:1-4. Is é an Tiarna m’aoire.
- Salm 25: 12; 38:15; 56:4. Ag cur muiníne i nDia.
- Salm 95:1-7. Salm molta.
- Salm 100:3-5. Salm molta.
- Salm 105:1-6. Ag glacadh buíochais as an gcruthú.
- Ís 9:2. Chonaic na daoine a shiúil sa dorchadas solas iontach.
- Ís 49:15. Ní dhéanfaidh mé dearmad ort.
- Ís 66:13. Tugann Dia sólás dá mhuintir mar a thugann máthair sólás dá leanbh.

*Breith agus Óige Íosa (ChEC 422-24; 430-60; 522-34)*

- Mth 1:18-25. Breith Íosa.
- Mth 2:1 -12. An Triúr Saoithe.
- Mth 2 :13-16, 19-23. Teitheadh chun na hÉigipte/brionglóid Iósaef/filleadh ar Nazarat.
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.
- Lúc 1:39-45. Cuairt Mhuire ar Eiliosaibeit.
- Lúc 2:1-20. Scéal bhreith Íosa.
- Lúc 2:22-40. Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall: Anna agus Simeon.
- Lúc 2:41-52. Íosa i measc na n-ollúna sa Teampall.

*Saol Poiblí Íosa (ChEC 534-56; 857-62)*

- Mth 4:23-5. Íosa agus na heasláin.
- Mth 6:9-13. An Phaidir.
- Mth 6: 25-32. Múineann Íosa dá aspail conas a muinín a chur i nDia.
- Mth 9:1-8; Mc 2:1-12. Leigheas an fhir a rugadh ina phairiliseach.
- Mth 18:12-14; Lúc 15: 1-7. An chaora a chuaigh ar strae.
- Mth 28:20. ‘Táim in éineacht libh i gcónaí’.

- Mc 1:14-15. Ag fógairt an Dea-Scéil.
- Mc 1:16-20; Mc 3:13-19; Lúc 6:13-16; Mth 10:1-42. Ceapachán an dáréag.
- Mc 1:29-31. Leigheas mháthair chéile Shíomóin.
- Mc 1:32-38. Íosa i mbun oibre.
- Mc 1:40-5; Mth 8:1-3; Lobhar leigheasta.
- Mc 2:13-19; Mth: 9:9. An glaoch faighte ag Matha/Léiví, bailitheoir cánach.
- Mc 2:15-17. Bailitheoirí cánach agus peacaigh.
- Mc 5:21-24; 35-43. Iníon Iáras.
- Mc 6:46; Lúc 6:12; Mth 14:23. Íosa ag guí.
- Mc 10: 46-52 An fear dall (Bairtiméas).
- Mc 14:32-36; Lúc 10:21-22. Caidreamh speisialta idir Íosa agus an tAthair.
- Lúc 3:2-3, 15-18. Eoin Baiste.
- Lúc 4:1-13; Mth 4:1-11. Íosa sa bhfásach.
- Lúc 5:1-11. An glaoch faighte ag na deisceabail.
- Lúc 6:12-16. Roghnaíonn Íosa an dáréag.
- Lúc 19:1-10. Zacháias.
- Lúc 21:1-4; Mc 12:41-44. Cianóg na baintrí.
- Eoin 5:36-37. Chuir an tAthair uaidh mé.
- Eoin 6:35. 'Is mise Arán na Beatha.'
- Eoin 6:38. 'De bhrí gur tháinig mé anuas ó neamh.'
- Eoin 8:12. Íosa solas an tsaoil.
- Eoin 12:1-8. Roinneann Íosa béile lena chairde.
- Eoin 13:34-35. Aithne an ghrá.
- Eoin 14:9-10. 'An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair.'
- Eoin 15:14. 'Is sibhse mo chairde má dhéanann sibh gach a n-iarraim oraibh'.

*Páis agus Bás Íosa (ChEC 575-637)*

- Lúc 22:7-20/Mth 26:17-29. An Suipéar Déanach.
- Lúc 22:47-53. Brath agus gabháil.
- Lúc 22:54-62. Séanadh Pheadair.
- Lúc 23:33-49. Bás agus adhlacadh Chríost; an gadaí maith.
- Eoin 10:1-16. An tAoire maith.
- Eoin 13:3-15. Níochán na gcos.
- Eoin 12:12-16. Ag dul isteach go Iarúsailéim.
- Eoin 19:17-30. Bás Chríost.

*Aiséirí Íosa agus an Chincís (ChEC 638; ChEC 731-41)*

- Mth 28:1-8. An tuama folamh.
- Mc 16:1-8. Na mná ag an tuama (léigh ar dtús).
- Eoin 20:1-10; 11-18. Na Deisceabail ag an tuama.
- Eoin 20:1, 11-18. Casann Máire Mhaigdiléana le hÍosa aiséirithe.
- Gníomh 2:1-12. An chéad Chincís.

*Le cur de ghlan mheabhair*
Eoin 15:12. Aithne an ghrá.

# Snáithe: Liotúirge agus Urnaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- a n-acmhainn chun urnaí pearsanta agus urnaí chomhchoiteann a fhorbairt trí úsáid a bhaint as na comharthaí cuí, siombail, ceol agus deasghnátha
- foghlaim faoi thábhacht an Domhnaigh mar ghné den bhliain liotúirgeach
- a dtuiscint ar Shacraimint an Bhaiste a fhorbairt
- fiosrú a dhéanamh ar an gcuireadh a thugann Íosa dúinn chun maithiúnas agus athmhuintearas a chleachtadh agus a dtuiscint ar conas a bheith rannpháirteach i Sacraimint na hAithrí a fhorbairt
- foghlaim faoi fhíor láithreacht Íosa Críost san Eocairist agus a dtuiscint conas a bheith rannpháirteach sa cheiliúradh seo a fhorbairt
- fiosrú a dhéanamh ar na hócáidí a cheiliúrann an pobal Caitliceach i rith na bliana liotúirgigh agus go háirithe le linn na hAidbhinte/na Nollag, an Carghas/Seachtain na Páise agus an Cháisc/an Chincís.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Gníomhartha agus gníomaíochtaí i ndeasghnátha a chur in ord.

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:**

- Úsáid a bhaint as tréimhsí ciúnais agus suaimhnis chun machnamh agus urnaí mhachnamhach a dhéanamh
- A dtuiscint ar cheisteanna agus ar mhothúcháin, ar phaidreacha, ar shiombail, ar cheol, ar amhráin, ar nithe naofa, an liotúirge agus na sacraimintí a chur in iúl
- A bheith rannpháirteach in ullmhúcháin do cheiliúrtha liotúirgeacha (nuair a fheileann sé).

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Urnaí**

- Is ionann urnaí agus a bheith ag éisteacht agus ag caint le hÍosa (GDC 139).
- Rinne Íosa urnaí go minic, go háirithe nuair a bhí air cinntí tábhachtacha a dhéanamh (Mc 6:46; Lúc 6:12; Mth 14:23; ChEC 2600).
- Leis 'An Phaidir' mhúin Íosa dá lucht leanúna conas guí (ChEC 2607).
- Múineann Íosa dúinn conas guí chun Dé, ár nAthair (Mth 6:9-13; ChEC 2608).
- Bíonn a fhios ag Dia cad atá uainn, fiú sula n-iarraimid é (Mth 6:8; GDC 139).
- Is féidir linn cúnamh a iarraidh ar Dhia, ar Íosa, ar an Spiorad Naomh, ar Mhuire, nó ar na Naoimh (idirghuí).
- Tá nósanna agus traidisiúin ag Caitlicigh chun a mheabhrú dóibh go bhfuil Dia lárnach i ngach gné den saol (m.sh. crois a dhearadh ar arán, duine á choisreacan é féin le huisce coisrictheh sula bhfágann sé/sí an teach, ag lasadh coinneal an bhaiste ar lá breithe, pailmeacha ar Dhomhnach na Pailme, ag déanamh crosa lá 'le Bríde) (ChEC 1180; ChEC 1674).
- Urnaí don adhradh, achainní, idirghuí, buíochas, moladh, brón agus aithreachas (ChEC 2628, ChEC 2634).
- Paidreacha ón traidisiún Ceilteach.

*Urnaí Fhoirmeálta*

- An Gníomh Dóláis (ChEC 1451-54)
- Urnaí ag iarraidh maithiúnais.
- Urnaí tar éis maithúnais a fháil.
- Paidir Thurais.
- Paidir roimh Chomaoineach
- Paidir tar éis Comaoineach
- An Paidrín: Na Rúndiamhra Sólásacha (ChEC 971)
- Freagraí uile an Aifrinn: An Fhaoistin Choiteann, Kyrie, Sanctus, An Phaidir, Agnus Dei, A Thiarna ní fiú mé.

*Paidreacha Breise*

- Beannú fleasc agus coinnle na hAidbhinte (ChEC 1672)
- Urnaí chun meas ar dhaoine eile a léiriú
- Urnaí ag iarraidh a bheith mar chara Íosa (ChEC 2665)
- Urnaí chun a bheith cosúil le hÍosa
- Beannacht Theaghlaigh
- Cuid de na stáisiúin ar thuras na croise (ChEC 1674, 2699):
  - Glacann Íosa leis an gcrois
  - Titeann Íosa
  - Cabhraíonn Símón Círéineach le hÍosa an chrois a iompar
  - Casann Íosa leis na mná
  - Faigheann Íosa bás (Íosa aiséirithe)
- Urnaí chun Muire, máthair Íosa agus ár máthair
- Urnaí chun na naomh
- Scrúdú coinsiasa simplí
- Beannú agus dáileadh an luaithrigh
- Leagan simplí de na Sailm ag moladh Dé de bharr an chruthaithe (m.sh. Salm 148, Salm 150)
- Salm 9:1. Ag glacadh buíochais le Dia.

- Salm 23:1-4. Is é an Tiarna m'Aoire.
- Salm 25:12; 38:15; 56:4. Ag cur muinín I nDia.
- Salm 95:1-7. Iomann Molta.
- Salm 100: 3-5. Iomann Molta.
- Salm 105:1-6. Ag glacadh buíochais le Dia.

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Is é an Domhnach Lá an Tiarna toisc gur aiséirigh Íosa ó na mairbh ar an gcéad lá den tseachtain (ChEC 2174).
- Coinnigh an saoire (An Domhnach) mar is cóir (An tríú haithne).
- An Aidbhint: ceithre sheachtain ag fanacht leis an Nollaig a cheiliúradh, breithlá Íosa.
- Tráth den bhliain atá san Aidbhint chun ullmhú le haghaidh theacht Íosa ar an saol.
- D'ullmhaigh Dia do theacht Íosa trí Eoin Baiste a chur chugainn (Gníomh 13:24; Mth 3:3; ChEC 523).
- Tráth den bhliain atá san Nollaig nuair a cheiliúrann Críostaithe breith Íosa, Solas an tSaoil (Ís 9:2, Ís 9:6; Míocá 5:1; Eoin 8:12).
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun ullmhú do Sheachtain na Páise agus don Cháisc - an fhéile is tábhachtaí i mbliain na hEaglaise.
- Maireann an Carghas ar feadh dhá scór lá mar rinne Íosa troscadh san fhásach ar feadh dhá scór lá agus dhá scór oíche.
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun iompú i dtreo Dé arís agus creidiúint sa Dea-Scéal.
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun na bealaí gur féidir liom a bheith i mo chara maith ar nós Íosa a thaispeáint.
- Is é Céadaoin an Luaithrigh an chéad lá den Charghas agus cuirtear luaithreach ar chlár éadain na gCaitliceach chun a chur i gcuimhne dóibh Íosa a leanúint agus an Dea-Scéal a chreidiúint.
- Ar Lá 'le Pádraig tugaimid chun cuimhne gur thug Naomh Pádraig an 'dea-scéal' go hÉirinn.
- Tráth atá sa tSeachtain Mhór chun cuairt Íosa ar Iarúsailéim (Domhnach na Pailme), An Suipéar Déanach maraon le páis agus bás Íosa a thabhairt chun cuimhne.[17]
- Cuireann na craobhacha pailme turas Íosa go Iarúsailéim i gcuimhne dúinn.
- Ag Aifreann Dhéardaoin na Comaoineach, níonn an sagart cosa na ndaoine i gcuimhne ar an rud a rinne Íosa dóibh. Bhí Íosa ag iarraidh taispeáint dá chairde conas caitheamh lena chéile – aire a thabhairt dá chéile agus breathnú amach dá chéile.
- Is í an chrois comhartha ghrá Íosa dá Athair agus dúinne.
- Is pictiúir iad Stáisiúin na Croise a insíonn scéal bháis Íosa.
- Ar Dhomhnach Cásca ceiliúrann na Críostaithe Aiséirí Íosa ó mhairbh.
- Thóg Dia Íosa ó mhairbh le go mbeadh sé in ann a bheith inár dteannta.
- Cuireann coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn gurb é Íosa 'Solas an tSaoil'. Lastar í i rith séasúr na Cásca, ag searmanas an Bhaiste agus ag sochraidí.
- Ag an gCincís ceiliúrann clann na hEaglaise bronntanas an Spioraid Naoimh agus Dea-Scéal Íosa.
- Tráth atá i bhFéile na Naomh Uile chun ceiliúradh a dhéanamh ar shaol na mná, na bhfear agus na bpáistí a thaispeáin dúinn conas Íosa a leanúint.
- Ar Lá Fhéile na bhFíréan uile atá Marbh cuimhníonn an Eaglais orthu siúd atá imithe ar shlí na fírinne agus déantar urnaí ar a son.
- Féilte Mhuire**:** Teachtaireacht an Aingil (ChEC 484). Lá Breithe Mhuire.

---

[17] Ba chóir go mbeadh an Suipéar Déanach curtha i láthair mar chuid den ábhar a bheidh á chur i láthair faoin Aifreann agus béim á chur ar: a) toil Íosa fanacht linn i gcónaí agus b) gur thug Íosa an t-arán agus an fíon dúinn mar chomhartha dá láithreacht sa chine daonna.

## Na Sacraimintí

- Is tríd an mBaisteadh a dhéantar páistí Dé agus baill de theaghlach na hEaglaise de dhaoine (ChEC 1213, 1226, 1239-41, 1243, 1257, 1267, 1272, 1278-80, 1282).
- Mar is amhlaidh do na sacraimintí eile, faighimid grásta Dé sa bhaisteadh.
- Is bronntanas ó Dhia é an grásta a chabhraíonn linn a bheith naofa (ChEC 1999, 2021-24).
- Úsáidtear uisce, comhartha na croise, ungadh le hOla Chriosma, éadach bán agus solas (ChEC 1234) ag an mbaisteadh.
- Lastar coinneal an bhaiste ó choinneal na Cásca: solas Chríost do chách.
- Is ceiliúradh de mhaithiúnas agus de ghrá Dé é Sacraimint an Athmhuintearais.
- I Sacraimint an Athmhuintearais admhaímid gur theip orainn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile (ChEC 1455, 1458).
- Leanann Dia air ag tabhairt grá dúinn, fiú nuair a dhéanaimid peaca (ChEC 1468).
- Nuair a roghnaímid an rud mícheart a dhéanamh, déanaimid peaca in aghaidh Dé, an té ar chóir dúinn a ghráú thar chuile ní (ChEC 1849, 1850).
- Iarrann Dia orainn aiféal a bheith orainn faoinár bpeacaí agus glacadh lena mhaithiúnas (ChEC 1425, 1451).
- Iarrann Íosa ar a lucht leanúna maithiúnas a thabhairt (RP 12). Smaoinímid ar seo nuair a ghuímid An Phaidir.
- Thug Íosa Sacraimint na hAithrí dúinn le go bhfaighimid maithiúnas inár bpeacaí agus chun grásta a thabhairt dúinn an rud ceart a dhéanamh agus peacaí a sheachaint sa todhchaí (ChEC 1446).
- Bíonn Críost, an tAoire Maith, i gcónaí ar thóir na gcaorach atá ar strae (Mth 18:12-14; Lúc 15:1-7).
- Tugann an Tiarna Íosa maithiúnas dúinn i Sacraimint an Athmhuintearais (ChEC 987, 1422, 1462, 1486; RP 29).
- Is gníomh é Sacraimint an Athmhuintearais ina bhfuil trí ghníomh ann a dhéanann an t-aithríoch maraon le haspalóid an tsagairt. Admhaíonn an t-aithríoch go ndearna sé peaca, go bhfuil aiféal air agus go ndéanfaidh sé cúiteamh agus go dtabharfaidh sé geallúint go dtiocfaidh feabhas ar a iompar. (ChEC 1488, 1491; RP 31).
- Is é ról an tsagairt peacaí a mhaitheamh in ainm Dé, aspalóid a thabhairt agus breithiúnas aithrí a thabhairt (ChEC 1494, 1495).
- Tá Críostaithe in ann an t-olc atá déanta acu trí pheaca a dhéanamh a chur ar ceal trí aithrí (ChEC 1431, 1459-60).
- Nílimid ag maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca.
- Nílimid ag taispeáint grá mar a d'iarr Íosa orainn nuair a dhéanaimid peaca.
- Ní trí thimpist a dhéanaimid peaca. Ciallaíonn sé sin 'Tá a fhios agam go bhfuil mé ag déanamh an rud mícheart agus fós roghnaím é a dhéanamh' (ChEC 1745).
- Cabhraíonn Briathar Dé liom an difríocht idir an rud ceart agus an rud mícheart a aithint (ChEC 1785).
- Nuair a deir an sagart paidir na haspalóide, maitear ár gcuid peacaí dúinn in ainm Dé agus trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

## An tAifreann

- Ag an leibhéal seo dírítear ar shé phointe chinniúnacha den Aifreann:

1. Láithreacht na hEocairiste (SC 7, MF 35-8, ChEC 1088, 1373-77).
2. An Béile Naofa (ChEC 1347)
3. Íobairt Chuimhneacháin (ChEC 1357, 1362-72).
4. Moladh agus Buíochas (ChEC 1328, 1359-61).
5. Comaoineach (ChEC 1382).
6. Struchtúr an Aifrinn (ChEC 1348-55).

*1. Láithreacht na hEocairiste*

- Is é an tAifreann an fhleá naofa ag a bhfaighimid Corp agus Fuil Íosa. Nuair a dhéanaimid é sin éirímid níos cosúla le hÍosa (ChEC 1382).
- Is í an Eocairist Naofa Corp agus Fuil Íosa faoi ghné an aráin agus an fhíona (ChEC 1333-36; 1373-81; 1410; 1412; 1418).
- Tá Íosa i láthair san Eocairist. Is í an Eocairist Fíor- Láithreacht Íosa, agus cothaíonn an Eocairist sinn agus tugann sí neart agus misneach dúinn Íosa a leanúint (ChEC 1088, 1374, 1377-78).

*2. An Béile Naofa*

- Ba é an Suipéar Déanach an chéad Aifreann. Rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh lena chairde ar an oíche sula bhfuair sé bás (Mth 26:20-29; ChEC 1323).
- Ag an Aifreann roinneann clann an pharóiste béile naofa le chéile díreach mar a rinne Íosa ag an Suipéar Déanach (SC 10).
- Thug Íosa an Eocairist dúinn ag an Suipéar Déanach (SC 10).

*3. Íobairt Chuimhneacháin*

- Dúirt Íosa linn: 'déanaigí é seo i guimhne ormsa' (LG 22:19; ChEC 1333).
- Ag an Aifreann cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé ó mhairbh le go sábháilfí an domhan.
- Déanann an Eocairist bás agus aiséirí Íosa, cúis ár slánaithe, beo agus ábhartha inár saol (ChEC 1359, 1366-1367).

*4. Moladh agus Buíochas*

- *An tAifreann*: Am speisialta chun buíochas a ghlacadh le Dia ár nAthair as gach a bhfuil tugtha aige dúinn agus buíochas speisialta as ucht Íosa a Mhac a thabhairt dúinn.

*5. Comaoineach*

- Tá Íosa ag iarraidh go mbeimis aontaithe leis féin agus lena chéile.
- Nuair a ithimid 'Arán na Beatha' tagann Íosa chugainn agus méadaíonn ár gcaidreamh le Dia agus lena chéile (Eoin 6:35).

*6. Struchtúr an Aifrinn (Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste, ChEC 1088, 1346, 1349)*

- Gnéithe bunúsacha den cheiliúradh agus rannpháirtíocht na bpáistí ann: sampla: Ag an Aifreann tagaimid le chéile, éistimid le Briathar Dé, glacaimid buíochas, roinnimid Arán na Beatha, iarrtar orainn maireachtáil mar a mhair Íosa. Nuair a léimid os ard as an Scrioptúr Naofa táimid ag craobhscaoileadh Briathar Dé.
- Ullmhúchán don Chomaoineach: Íosa a onórú, iarrtar orainn troscadh a dhéanamh ó bhia agus ó dheoch ar feadh, ar a laghad uair a chloig sula nglacfaimid an Chomaoineach. (Ní bhriseann uisce agus/nó comhgais leighis troscadh na Eocairiste).
- Glacaimid leis an gcomaoineach le meas agus le hurraim…ar an teanga nó inár lámh.
- Ag glacadh buíochais.

*Ainmneacha, feidhmeanna agus an bhrí a bhaineann leis na nithe a úsáidtear i gceiliúradh na hEocairiste.*

- m.sh. altóir, éadach altóra, éide an tsagairt, cailís, paiteana, cruibhéid, coinnle altóra, ailb, casal, stoil.

Leibhéal a 2

# Snáithe: Moráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- tuiscint gur ionann Íosa a leanúint agus maireachtáil de réir dea-shampla agus teagaisc Íosa, go háirithe Aithne an Ghrá (ChEC 1694)
- tuiscint go dteastaíonn grásta Dé uathu chun maireachtáil mar pháistí Dé
- fiosrú a dhéanamh ar scéalta faoi dhaoine naofa agus na naoimh a chaith a saol mar a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh
- feasacht a bheith acu ar fhaillí morálta, an gá atá le maithiúnas agus meas a bheith acu ar Thrócaire Dé (feasacht morálta; forbairt coinsiasa; ChEC 1779). (Féach an snáithe Liotúirge/Urnaí do fhorbairt ar thuiscint faoi Shacraimint an Athmhuintearais ag an leibhéal seo)
- a dtuiscint ar mhóráltacht oibiachtúil a fhorbairt trí mhachnamh a dhéanamh ar na cúiseanna atá le teagaisc, rialacha agus gníomhaíochtaí morálta
- tuiscint ar idirspleáchas, ar cheartas agus ar chothroime a fhorbairt
- tuiscint a bheith acu gurb iad féin atá freagrach as na cinntí a thógann siad, as a gcuid focail agus a gcuid gníomhartha (áisíneacht mhórálta)
- machnamh a dhéanamh ar an saoirse atá acu roghanna a dhéanamh agus an gaol atá ann idir na roghanna a dhéanann siad agus an toradh a bheidh air (saoirse le rogha a bheith acu agus freagracht daonna; gníomhú, féin-mhachnamh; breithiúnas morálta)
- meas a fhorbairt ar thuairimí, ar mhothúcháin agus ar iarmhais dhaoine eile, ina bpobal féin agus i bpobail eile
- fiosrú a dhéanamh ar an bhfreagracht atá orthu aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus é a chaomhnú (CSRE 3d).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint:**

- Teagaisc, natháin agus rialacha na morátachta Chríostaí a chur i bhfeidm ina saol féin
- Scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá le teagaisc, natháin agus rialacha na morátachta Críostaí (peirspictíocht chriticiúil mhorálta)
- Meas a bheith acu ar dhifríochtaí agus ar éagsúlacht i measc a gcomhscoláirí agus freagairt dóibh
- Sainmhíniú a thabhairt ar fhaillí morálta (peaca) agus ar na céimeanna ar cheart a thógáil chun athrú a dhéanamh
- Bealaí chun aire a thabhairt don chruthú a aithint.

**Cumarsáid:**

- Údar a thabhairt le haghaidh na roghanna morálta a dhéantar (áisíneacht mhorálta, claonadh morálta criticiúil).

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Dínit an Duine**
- Is é plean Dé go mbeidh grá agus meas ag daoine ar a chéile agus go mbeidh siad sona le chéile.
- Thug Dia buanna, na céadfaí daonna, an corp, teanga, bronntanas na beatha dúinne, do dhaoine eile agus don domhan (ChEC 1004).
- Tá bronntanais agus buanna ag gach duine a dhéanann sainiúil é/í (CSRE 3a).

**Saoirse agus Freagracht an Duine**
- Táimid in ann roghanna maithe agus droch-roghanna a dhéanamh.
- Bíonn tionchar ag na roghanna a dhéanaimid orainn féin agus ar dhaoine eile.
- Tá an rogha againn maireachtáil ar nós Íosa.
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis.
- Nuair a leanaimid Íosa ciallaíonn sé go gcaithimid le daoine eile ar bhealach atá ceart agus cóir.

Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé
- Tá grásta Dé uainn le go mbeimid in ann maireachtáil mar pháistí Dé (ChEC 1747, 1749, 1759-61, 1776-77, 1781, 1783-85, 1789, 1811, 1996, 2021-22).
- Tabharfaidh Íosa cúnamh dúinn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile a ghortaigh sinn, má iarraimid air é (ChEC 1421).
- Tugann Íosa aithne nua dúinn-Dlí an Ghrá (ChEC 1823).
- Seo é Dlí an Ghrá Íosa: tabhair grá dá chéile mar a thug mise grá daoibh (Eoin 13:34-5).
- Tugann an Spiorad Naomh cúnamh dúinn maireachtáil ar nós Íosa.
- Is mise an Tiarna do Dhia: ná bíodh aon déithe bréige agat i mo láthair (Eacs 20:2-3).
- Ná tabhair ainm Dé gan fáth (Eacs 20:7).
- Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í (Eacs 20:8).
- Tabhair onóir do d’athair is do do mháthair mar is comhair.
- Ná déan marú.
- Ná déan goid.
- Ná tabhair fianaise bréige in aghaidh do chomharsa.
- Gríosaíonn glór Dé sinn chun an rud ceart a dhéanamh agus an droch rud nó an rud mícheart a sheachaint (ChEC 1706, GC 16: Coinsias).

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**
- Cruthaíodh sinn dá chéile (idirspleáchas) (ChEC 1877-1948; GS 25, 30).
- Mhúin Íosa dá lucht leanúna gur chóir dóibh grá speisialta a thabhairt do na bochtáin (Mth 25:31-46; ChEC 544).
- Iarrann Dia orainn grá, ceartas agus síocháin a léiriú inár gcaidrimh le daoine eile.
- Guíonn ár dteaghlach Eaglasta, ar bhealach speisialta, ar a son siúd atá tinn agus tugann sé aire dóibh.
- Chruthaigh Dia chuile dhuine agus chuile rud agus is le Dia iad. Mar sin tá ardmheas ag Críostaithe ar dhaoine agus ar an domhan (ChEC 2452).
- Thug Íosa aire don chruthú.

- Tá sé de dhualgas ar chuile dhuine aire a thabhairt don timpeallacht (ChEC 373; 2402, 2456; RH 15).
- Thug Dia an éirim agus an scil dúinn chun aire a thabhairt don domhan.

**OCG i gComhthéacs Críostaí**

- Is bronntanas ó Dhia é mo theaghlach.
- Tréithe agus luachanna an Teaghlaigh Naofa as Nazarat.
- Tá grá Íosa i láthair nuair thugann ár dtuismitheoirí/caomhnóirí grá dá chéile.
- Tá freagracht ar gach ball den teaghlach dá chéile (ChEC 2201).
- Tá meas ag Críostaithe ar a gcoirp féin agus ar choirp dhaoine eile de bhrí gurb é Dia a chruthaigh iad (ChEC 364; CSRE 3a).
- Tá sé tábhachtach ullmhú go ciallmhar don bheatha nua a thagann ó Dhia.
- Tá Íosa inár dteannta le linn dúinn a bheith ag fás agus ag athrú.
- Cuir san áireamh: Scéalta a bhaineann leis an mhaith vs. an t-olc, faoi ghníomhartha cearta agus míchearta. Scéalta a léiríonn luachanna morálta Críostaíochta ar nós síochánaíocht, carthanacht, ceartas sóisialta, idirspleáchas, aire do na heasláin, aire don domhan, maithiúnas, cairdeas, fáilte a chur roimh an stráinséar, tábhacht an teaghlaigh, misneach déileáil le míchumas.
- Scéalta a chabhraíonn le tuiscint a fháil ar chomharaíocht (i.e. coincheap an chirt a fhorbairt trí bhéim a chur ar an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar níos mó ná dearcadh amháin).

